BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

4 Meán Fómhair 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Creat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma seasta arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP – Clásal 4 – Múinteoirí a bhfuil taithí ghairmiúil faighte acu i scoileanna áirithe nach mbaineann a bhfeidhmiú agus a n-eagrúchán leis an Stát – Earcaíocht ar théarma buan i scoileanna Stáit – Cinneadh fad seirbhíse chun tuarastail a chinneadh – Reachtaíocht náisiúnta nach ndéantar foráil léi maidir le tréimhsí seirbhíse a cuireadh i gcrích i bhforais oideachais áirithe nach ábhar don Stát iad a oibriú agus a eagrú a chur san áireamh – Difríocht sa chóir bunaithe ar chritéar seachas cineál cinnte nó neamhchinnte an chaidrimh fostaíochta – Airteagail 20 agus 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Infheidhmeacht – Easpa cur chun feidhme dhlí an Aontais)

I gCás C-543/23 [Gnattai] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Tribunale di Padova (an Chúirt Dúiche, Padova, an Iodáil), trí bhreith an 14 Lúnasa 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 28 Lúnasa 2023, sna himeachtaí

AR

v

Ministero dell'Istruzione e del Merito,

idiragraithe:

Anief – Associazione Professionale e Sindacale,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán Dlísheomra, N. Jääskinen, A. Arabadjiev (Rapóirtéir), M. Condinanzi agus R. Frendo, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: G. Chiapponi, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 12 Márta 2025,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– AR, ag G. Rinaldi agus N. Zampieri, avvocati,

– Anief – Associazione Professionale e Sindacale, ag A. Dal Ferro, F. Ganci agus W. Miceli, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino agus G. Palmieri, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó A. Berti Suman agus L. Fiandaca, avvocati dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag S. Delaude agus D. Recchia, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Meitheamh 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú Airteagal 157 CFAE, Airteagail 20 agus 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’), Clásal 4(1) den Chreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma seasta, arna thabhairt i gcrích an 18 Márta 1999 (‘an Creat-chomhaontú’), atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma seasta arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP (IO 1999 L 175, lch. 43), de Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar bhunús ciníoch nó eitneach (IO 2000 L 180, lch. 22), de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16), d’Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (‘ECtHR’) agus de Chairt Shóisialta na hEorpa, arna síniú in Torino an 18 Deireadh Fómhair 1961, arna athbhreithniú (‘Cairt Shóisialta na hEorpa’).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir AR agus an Ministero dell’Istruzione e del Merito (an Aireacht Oideachais agus Fiúntais, an Iodáil) (‘an Aireacht Oideachais’) maidir lena fhad seirbhíse a chinneadh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Faoi Chlásal 1 den Chreat-chomhaontú, is é cuspóir don chomhaontú sin, ar an gcéad dul síos, caighdeán na hoibre ar théarma seasta a fheabhsú trí chur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a áirithiú agus, ar an dara dul síos, creat a bhunú chun cosc a chur ar mhí-úsáid a eascraíonn as conarthaí nó caidrimh fostaíochta ar théarma seasta a úsáid i ndiaidh a chéile.

4 Foráiltear le Clásal 2(1) den Chreat-chomhaontú sin, dar teideal ‘Raon feidhme’:

‘Baineann an comhaontú seo le hoibrithe ar théarma seasta a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta leo mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le Clásal 3 den Chreat-chomhaontú sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn:

1. “oibrí ar théarma seasta,” duine a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta ar théarma seasta aige a dhéantar go díreach idir fostóir agus oibrí i gcás ina gcinntear deireadh an chonartha nó an chaidrimh fostaíochta de réir coinníollacha oibiachtúla amhail dáta ar leith a bhaint amach, cúram ar leith a chur i gcrích, nó teagmhas sonraithe tarlú.

2. “oibrí ar feadh tréimhse éiginnte,” oibrí a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh de thréimhse éiginnte aige, sa bunaíocht chéanna, leis an obair/post céanna nó den chineál céanna, agus aird á tabhairt ar cháilíochtaí/scileanna. I gcás nach bhfuil aon bhuan-oibrí inchomparáide sa bhunaíocht chéanna, déanfar an chomparáid trí thagairt don chomhaontú comhchoiteann is infheidhme, nó i gcás nach bhfuil aon chomhaontú comhchoiteann is infheidhme ann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis na cleachtais náisiúnta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Sonraítear le Clásal 4 den Chreat-chomhaontú sin, dar teideal ‘Prionsabal an neamh-idirdhealaithe’:

‘1. Maidir le coinníollacha fostaíochta, ní dhéileálfar le hoibrithe ar théarma seasta ar bhealach níos lú fabhar ná le hoibrithe ar théarma buan inchomparáide toisc go bhfuil conradh nó caidreamh ar théarma seasta acu, ach amháin mura rud é go bhfuil bonn cirt le cóir éagsúil ar chúiseanna oibiachtúla.

[…]

4. Beidh na critéir le haghaidh tréimhsí seirbhíse a bhaineann le coinníollacha fostaíochta speisialta mar an gcéanna d’oibrithe ar théarma seasta agus d’oibrithe ar théarma buan, ach amháin i gcás ina bhfuil údar maith le critéir éagsúla maidir le fad seirbhíse mar gheall ar chúiseanna oibiachtúla.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

7 Foráiltear le hAirteagal 485 den decreto legislativo n. 297 – Approvazione del testo unico delle disposizioni legislative vigenti in materia di istruzione, relative alle scuole di ogni ordine e grado (Foraithne Reachtach Uimh. 297, lena leagtar síos forálacha reachtacha is infheidhme maidir leis

na dlíthe maidir leis an múinteoireacht agus scoileanna ar gach cineál agus ar gach leibhéal) an 16 Aibreán 1994 (GURI Uimh. 115 an 19 Bealtaine 1994, gnáthfhorlíonadh Uimh. 79), ('Foraithne Reachtach Uimh. 297/1994'):

'1. I gcás foireann teagaisc i meánscoileanna agus i scoileanna ealaíne, aithneofar an tseirbhís a chuirtear i gcrích i *scuoli statali* ('scoileanna Stáit') sin agus i *scuoli pareggiati* ('scoileanna creidiúntaithe'), lena n-áirítear iad siúd thar lear, mar mhúinteoir neamhreachtúil, mar sheirbhís a chuirtear i gcrích mar mhúinteoir reachtúil, chun críocha dlí agus eacnamaíocha [...].

2. Chun na gcríoch céanna agus a mhéid céanna agus atá i mír 1, i gcás na foirne a bheidh ainmnithe ansin, déanfar seirbhís i *scuole degli educandati femminili statali* ('scoileanna institiúidí Stáit le haghaidh oideachas ar chailíní') agus mar bhunmhúinteoirí reachtúla agus neamhreachtúla a aithint i mbunscoileanna an Stáit nó i *scuole parificate* ('bunscoileanna stáitchreidiúnaithe'), lena n-áirítear iad siúd sna hinstitiúidí réamhluaite agus iad siúd ar an gcoigríoch, agus i *scuole popolari, sussidiate o sussidiarie* ('scoileanna um oideachas aosach, scoileanna maoinithe ag an Stát atá á reáchtáil ag daoine aonair nó eintitis phríobháideacha').

3. Chun na gcríoch céanna agus a mhéid céanna agus atá i mír 1, i gcás foireann teagaisc i mbunscoileanna, aithneofar an tseirbhís a sholáthraítear mar mhúinteoir neamhreachtúil i mbunscoileanna Stáit nó i scoileanna Stáit chun oideachas a chur ar chailíní nó i mbunscoileanna stáitchreidiúnaithe, meánscoileanna agus ealaíona an Stáit nó scoileanna creidiúnaithe, scoileanna um oideachas aosach, scoileanna maoinithe ag an Stát atá á reáchtáil ag daoine aonair nó eintitis phríobháideacha [...]'

8 Foráiltear le hAirteagal 1 den legge n. 62 – Norme per la parità scolastica e disposizioni sul diritto allo studio e all'istruzione (Dlí Uimh. 62 lena leagtar síos rialacha maidir le comhionannas scoile agus forálacha maidir leis an gceart chun staidéir agus oideachais) an 10 Márta 2000 (GURI Uimh. 67 an 21 Márta 2000; 'Dlí Uimh. 62/2000'):

'1. Is é a bheidh sa chóras náisiúnta oideachais, gan dochar d'fhorálacha an dara mír d'Airteagal 33 den Bhunreacht, scoileanna Stáit agus scoileanna stáitchreidiúnaithe príobháideacha agus scoileanna arna reáchtáil ag údaráis phoiblí áitiúla. Leagann an Phoblacht amach mar chuspóir tosaíochta an tairiscint oideachais a leathnú agus an t-éileamh ar oideachas fad saoil a ghinearálú dá réir sin ón óige ar aghaidh.

2. Ciallaíonn *scuole paritarie* (scoileanna státchreidiúnaithe), chun críocha na rialacha atá i bhfeidhm, go háirithe maidir le teidlíocht chun cáilíochtaí a bhfuil luach dlíthiúil acu a eisiúint, forais oideachais nach forais Stáit iad, lena n-áirítear forais de chuid údarás poiblí áitiúil, a chomhlíonann, ón leibhéal réamhscoile, na rialacha ginearálta maidir le hoideachas, a fhreagraíonn don iarraidh ar oiliúint teaghlaigh agus a chomhlíonann na coinníollacha cáilíochta agus éifeachtúlachta atá leagtha síos i míreanna 4, 5 agus 6.

3. Ráthaítear saoirse iomlán maidir le claonadh cultúrtha agus le treoir oideolaíoch agus theagascach do scoileanna stáitchreidiúnaithe príobháideacha. Agus tionscadal oideachais na scoile á chur san áireamh, tá an teagasc bunaithe ar phrionsabail na saoirse atá cumhdaithe sa Bhunreacht. Sa mhéid go gcuireann siad seirbhís phoiblí ar fáil, cuireann scoileanna stáitchreidiúnaithe fáilte roimh aon duine a dhéanann iarratas ar rollú, lena n-áirítear daltaí agus mic léinn atá faoi mhíchumas, a ghlacann lena dtionscadal oideachais. Léireoidh an tionscadal oideachais, i gcás inarb iomchuí, inspioráid chultúrtha nó reiligiúnach. Mar sin féin, níl

gníomhaíochtaí seach-churaclaim a ghlacann le hidé-eolaíocht nó le creideamh reiligiúnach ar leith nó a éilíonn go gcloítear leo éigeantach do mhic léinn.

4. Deonófar státchreidiúint do scoileanna neamhstáit a iarrann amhlaidh agus a gheallann go sainráite, de réir na gceanglas seo a leanas, forálacha mhíreanna 2 agus 3 a chur chun feidhme:

(a) go bhfuil tionscadal oideachais acu atá i gcomhréir le prionsabail an Bhunreachta; plean tairisceana oiliúna i gcomhréir leis na rialacháin agus na rialacháin atá i bhfeidhm; deimhniú a thabhairt ar aird lena n-ainmnítear an duine atá freagrach as an mbainistiú agus a chuntais a fhoilsiú;

(b) go bhfuil seomraí, troscán agus trealamh teagaisc acu atá oiriúnach don chineál scoile agus i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm;

(c) go bhfuil bunú agus feidhmiú chomhlachtaí coláisteacha na scoile bunaithe ar rannpháirtíocht dhaonlathach;

(d) go gcláraítear na daltaí go léir a n-iarrann a dtuismitheoirí é ar scoil, ar choinníoll go bhfuil teideal acadúil bailí acu le bheith cláraithe sna ranganna a bhfuil sé ar intinn acu freastal orthu;

(e) go bhfuil na rialacha atá ann cheana maidir le lánpháirtiú daltaí atá faoi mhíchumas nó atá faoi mhíbhuntáiste a chur i bhfeidhm;

(f) go bhfuil curaclaim chuimsitheacha a eagrú acu: ní fhéadfar státchreidiúint a dheonú d'aicmí ar leithlis, ach amháin ag céim chruthú na gcuraclam iomlán nua, nach mór tosú leis an gcéad rang scoile;

(g) go bhfuil na cáilíochtaí iomchuí ag an bhfoireann teagaisc;

(h) go bhfuil an fhoireann bainistíochta agus teagaisc ag obair faoi chonarthaí fostaíochta aonair a chomhlíonann comhaontuithe comhchoiteanna earnála.'

9 Foráiltear in Airteagal 2(2) den decreto-legge n. 255 – Disposizioni urgenti per assicurare l'ordinato avvio dell'anno scolastico 2001/2002 (Dlí Foraithne Uimh. 255 lena leagtar síos forálacha práinneacha chun tús ordúil na scoilbhliana 2001/2002 a áirithiú) an 3 Iúil 2001 (GURI Uimh. 153 an 4 Iúil 2001; 'Dlí Foraithne Uimh. 255/2001'), in ionad comórtais phoiblí a eagrú chun foireann teagaisc a earcú ar feadh tréimhse éiginnte, go bhféadfaidh an Aireacht Oideachais buanphainéal ionadaithe a úsáid, atá bailí go dtí go n-ídeofar iad, faoina ndéanfar 'seirbhísí oideachais arna soláthar ón 1 Meán Fómhair 2000 i scoileanna stáitchreidiúnaithe [...] a chur san áireamh a mhéid céanna leis an tseirbhís a sholáthraítear i scoileanna Stáit'.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

10 D'oibrigh AR, múinteoir atá cáilithe chun Iodáilis, stair agus tíreolaíocht a mhúineadh, i scoil 'státchreidiúnaithe,' de réir bhrí Airteagal 1(2) de Dhlí Uimh. 62/2000, le linn na tréimhse ó 2002 go 2007, ar bhonn cúig chonradh ar théarma seasta.

11 An 1 Meán Fómhair 2008, d'earcaigh an Aireacht Oideachais AR ar feadh tréimhse éiginnte chun cleachtadh mar mhúinteoir i scoil Stáit. I gcomhthéacs atógáil ghairmréim an mhúinteora sin, a rinneadh tráth na hearcaíochta sin, d'aicmigh an aireacht sin é sa réim tuarastail a chomhfhreagraíonn do 'bhlianta nialasacha seirbhíse'. Mheas an aireacht sin, go bunúsach, nár ceadaíodh le hAirteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994, chun críocha fad seirbhíse an iarratasóra sna príomhimeachtaí a ríomh, na blianta oibre a críochnaíodh i seirbhís na scoile státchreidiúnaithe sin a chur san áireamh.

12 Thug AR caingean os comhair Tribunale di Padova (an Chúirt Dúiche, Padova, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag iarraidh go gcuirfeadh an Aireacht Oideachais san áireamh fad na seirbhíse a fuair sé de bhua a chuid oibre sa scoil státchreidiúnaithe, ag áitiú gur sárú ar Chlásal 4 den Chreat-chomhaontú agus ar Airteagail 20 agus 21 den Chairt é Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994.

13 An 25 Feabhra 2022, rinne an comhlachas ceardchumainn neamhbhrabúsach Anief – Associazione Professionale e Sindacale idirghabháil sna himeachtaí os comhair na cúirte sin.

14 Deir an chúirt a rinne an tarchur, faoi Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994, gur aithin an Aireacht Oideachais go bhfuil trí chineál scoileanna príobháideacha coibhéiseach le scoileanna Stáit, eadhon bunscoil stáitchreidiúnaithe, scoileanna a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu agus meánscoileanna creidiúnaithe. Foráladh leis an bhforaithne reachtach sin freisin nach mór an taithí ghairmiúil a fuair múinteoirí agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu i meánscoileanna creidiúnaithe agus i mbunscoileanna creidiúnaithe, *inter alia*, a chur san áireamh chun gairmréim na múinteoirí sin a athchruthú nuair a fhostaíonn an aireacht sin iad ar feadh tréimhse éiginnte.

15 Le Dlí Uimh. 62/2000, cuireadh catagóir amháin scoileanna in ionad na dtrí chatagóir scoileanna príobháideacha sin, ar a dtugtar 'scoileanna státchreidiúnaithe'. Faoi Airteagal 2(2) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 255/2001, maidir leis an taithí ghairmiúil a fuair múinteoirí i gcomhthéacs fostaíocht i scoil a aithnítear, tar éis an 1 Meán Fómhair 2000, mar scoil a gcaitear léi amhlaidh, measfar, chun críocha earcú na múinteoirí sin ar feadh tréimhse éiginnte, gurb ionann í agus an taithí ghairmiúil a fuair an aireacht chéanna i gcomhthéacs fostaíocht i scoileanna Stáit. Mar sin féin, leanann sé ó chásdlí an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil) nach féidir an chéad taithí sin a chur san áireamh, i gcomhthéacs atógáil ghairm na múinteoirí sin a rinneadh tráth a n-earcaithe ar feadh tréimhse éiginnte ag an Aireacht Oideachais, chun banda an fad seirbhíse ina bhfuil siad le haicmiú a chinneadh, toisc, go háirithe, nach ann d'fhoráil reachtach lena gceadaítear breithniú den sórt sin.

16 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir lena chomhoiriúnacht le Clásal 4 den Chreat-chomhaontú nár cuireadh san áireamh, chun tuarastail na múinteoirí sin a chinneadh, taithí ghairmiúil a fuarthas i scoileanna a ndéileáiltear leo amhlaidh.

17 Mura gcuirtear san áireamh, b'ionann sin agus caitheamh le múinteoirí a d'oibrigh i gcaidrimh téarma shocraithe i scoileanna a mheastar a bheith coibhéiseach ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le múinteoirí a bhfuil an tréimhse chéanna oibre críochnaithe acu faoi chonarthaí buana i scoileanna Stáit, a gcuirtear a dtaithí ar theagasc san áireamh chun a luach saothair a chinneadh, ar an bhforas nár éirigh leis na chéad mhúinteoirí sin comórtas chun cead isteach sa státseirbhís a bhaint amach.

18 Tá cásanna an dá chatagóir múinteoirí sin inchomparáide, ós rud é nach bhfuil aon difríocht idir dualgais, oiliúint, cúraimí agus oibleagáidí gairmiúla múinteora ar feadh tréimhse éiginnte a chomhlíonann a chuid dualgas i scoil Stáit agus na dualgais atá ar mhúinteoir ar théarma seasta a chomhlíonann a chuid dualgas i scoil státchreidiúnaithe agus d'aithin an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) go bhfuil an dá chatagóir scoileanna sin comhionann 'ar gach bealach'.

19 Measann an chúirt a rinne an tarchur, thairis sin, nach bhfuil údar leis an mainneachtain, chun críocha luach saothair a chinneadh, an taithí a fuarthas i scoileanna a ndéileáiltear leo amhlaidh a chur san áireamh toisc gur bunaíochtaí príobháideacha iad na scoileanna sin. Tá an inniúlacht a eascraíonn as taithí neamhspleách ar stádas príobháideach nó poiblí an fhostóra. Ina theannta sin, cheadaigh an reachtas náisiúnta tréimhsí teagaisc a cuireadh i gcrích le fostóirí príobháideacha agus poiblí araon, lena n-áirítear iad siúd a chuir múinteoirí téarma seasta i gcrích i scoileanna Stáit, a chur san áireamh chun fad na seirbhíse a ríomh.

20 Níl údar ach oiread leis an mainneachtain múinteoirí a chur san áireamh mar gheall ar na difríochtaí idir na socruithe chun múinteoirí a earcú i scoileanna a ndéileáiltear leo amhlaidh agus na socruithe chun múinteoirí a fhostú i scoileanna Stáit. Ní bhaineann sé le hábhar comórtas poiblí a bheith ann lena dtugtar rochtain ar oideachas ar feadh tréimhse éiginnte i scoileanna Stáit, ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994 maidir le tréimhsí seirbhíse a cuireadh i gcrích i scoileanna ina n-earcaítear múinteoirí trí chomórtas agus i scoileanna nach bhfuil an cás sin iontu a chur san áireamh, chun críocha fad seirbhíse a ríomh maidir le hearcaíocht ag an Aireacht Oideachais ar feadh tréimhse éiginnte.

21 Measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil an mhainneachtain obair múinteoireachta a dhéantar i scoileanna stáitchreidiúnaithe a chur san áireamh, chun críocha luach saothair a chinneadh, contrártha freisin le prionsabal na córa comhionainne, a chumhdaítear in Airteagail 20 agus 21 den Chairt. I ndáil leis sin, tugann sí faoi deara go ndéanann an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí difríocht gan údar sa chaoi a gcaitear le múinteoirí i scoileanna a gcaitear leo amhlaidh agus le múinteoirí, go háirithe meánscoileanna agus bunscoileanna creidiúnaithe, a tiontaíodh ina 'scoileanna stáitchreidiúnaithe' le linn na bliana 2000. Tá cáilíocht agus luach níos airde ag baint leis an taithí a fuarthas i scoil státchreidiúnaithe ná an taithí a fuarthas i scoileanna príobháideacha eile. Ní fhéadfaí ach an taithí dheireanach sin a chur san áireamh, faoi Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994, chun críocha fad áirithe seirbhíse a aithint.

22 Thairis sin, tá Airteagal 485 contrártha le prionsabal ginearálta na córa comhionainne a mhéid a fhoráiltear leis do dhifríocht sa chóir idir múinteoirí i scoileanna stáitchreidiúnaithe agus múinteoirí ar théarma seasta i scoileanna Stáit.

23 De réir na cúirte a rinne an tarchur, tá an Chairt infheidhme sa chás seo, ós rud é, ar an gcéad dul síos, gurb é cuspóir na Cairte sin a chinneadh an bhfuil an mhainneachtain obair ar théarma seasta a dhéantar i scoileanna státchreidiúnaithe, dá bhforáiltear le hAirteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994, comhsheasmhach leis an gcuspóir a shaothraítear leis an gComhaontú Réime maidir le cáilíocht na hoibre ar théarma seasta a fheabhsú, trí chomhlíonadh phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a áirithiú, agus, ar an dara dul síos, gur 'buan-oibrí' é an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí de réir bhrí Chlásal 3(1) den Chreat-chomhaontú sin. Ina theannta sin, is gníomh dlí náisiúnta é 'dlí an Aontais a chur chun feidhme', de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt, i gcás ina mbaineann sé le hábhar a thagann faoi inniúlacht an Aontais

Eorpaigh. Gan amhras, tagann an cás seo, a bhaineann leis na coinníollacha faoina gcuirtear na tréimhsí teagaisc arna gcur isteach ag múinteoirí ar théarma seasta san áireamh chun a dtuarastail a chinneadh tráth a n-earcaithe ag an Aireacht Oideachais mar mhúinteoirí ar feadh tréimhse éiginnte, faoi raon feidhme 'chur chun feidhme dhlí an Aontais', de réir bhrí Airteagal 51(1), ós rud é go mbaineann sé le léiriú Chlásal 4 den Chreat-chomhaontú. I ndáil leis sin, ní mór scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994 le prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe maidir le coinníollacha fostaíochta, mar a chumhdaítear freisin in Airteagal 157 CFAE, Airteagal 14 ECtHR, Cairt Shóisialta na hEorpa agus Treoracha 2000/43 agus 2000/78.

24 Sna himthosca sin, chinn Tribunale di Padova (an Chúirt Dúiche, Padova) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a fháil:

'(1) An gcaithfear Clásal 4(1) den [Chreat-chomhaontú] agus prionsabal ginearálta an neamh-idirdhealaithe maidir le dálaí fostaíochta d'oibrithe faoi dhlí an [Aontais], arna léamh i bhfianaise Airteagal 21 den [Chairt] a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá in Airteagal 485 Decreto legislativo n. 297/1994 (Foraithne Reachtach Uimh. 297/1994) lena bhforáiltear, de réir an léiriú a thugann an Suprema Corte di Cassazione (an Chúirt Achomhairc Uachtarach, an Iodáil) (féach breithiúnas Cass. S.L. Uimh. 32386/2019, Uimh. 33134/2019 agus Uimh. 33137/2019), go bhfuil na fostaithe ar théarma seasta de *scuole paritarie* (scoileanna státchreidiúnaithe) dá dtagraítear i Legge n. 62/2000 (Dlí Uimh. 62/2000) le caitheamh leo ar bhealach is lú fabhar, agus na cearta a d'fhabhraigh siad le linn a ngairme á meas, ná mar a chaitear le fostaithe buana an Ministero dell'Istruzione e del Merito (Aireacht [Oideachais]), toisc nár éirigh leo i bpróiseas roghnúcháin poiblí nó gur mhúin siad mar fhostaí de chuid *scuole paritarie* (scoileanna státchreidiúnaithe) atá aitheanta go dlíthiúil, d'ainneoin go bhfuil foireann teagaisc ar théarma seasta ag *scuole paritarie* (scoileanna státchreidiúnaithe) inchomparáide leis an staid atá ag buanfhoirne teagaisc i scoileanna Stáit, maidir leis an gcineál oibre agus oiliúna agus coinníollacha fostaíochta, a mhéid is go gcomhlíonann siad na cúraimí céanna, go bhfuil na scileanna céanna smachta, oideolaíocha, modheolaíochta-oideacha, eagrúcháin-choibhneasa agus taighde acu, a fuarthas trí thaithí múinteoireachta, mar a aithnítear sa dlí náisiúnta sin a bheith comhionann chun críocha earcaíochta faoi chonradh buan trí thagairt a dhéanamh do na buanliostaí rangú, atá dúnta anois (féach Airteagal 2(2) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 255/2001)?

(2) I gcomhthéacs chur i bhfeidhm Threoir 1999/70, an gcaithfear na prionsabail ghinearálta faoi dhlí [an Aontais] mar atá sé faoi láthair maidir le comhionannas, cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú i réimse na fostaíochta, mar atá cumhdaithe freisin in Airteagail 20 agus 21 den [Chairt], in Airteagal 14 [de ECtHR] (atá ábhartha de bhun Airteagal 52 den Chairt), i [gCairt Shóisialta na hEorpa], in Airteagal 157 CFAE agus i [dTreoracha 2000/43 agus 2000/78], a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht amhail an reachtaíocht atá in Airteagal 485 de Decreto legislativo n. 297/1994 (Foraithne Reachtach Uimh. 297/1994) lena n-ordaítear nach bhfuil ach seirbhísí teagaisc fostaí de chuid na hAireachta [Oideachais] nó de chuid *scuola parificata* (bunscoil stáitchreidiúnaithe), *scuola pareggiata* (meánscoil státchreidiúnaithe), *scuola sussidiata o sussidiaria* (scoil maoinithe ag an Stát atá á reáchtáil ag daoine aonair nó eintitis phríobháideacha), *scuola popolare* (scoil um oideachas aosach) nó *educandato* (scoil cailíní atá á reáchtáil ag comhlacht reiligiúnach) le cur san áireamh chun críocha tuarastail, agus measúnú á dhéanamh ar na cearta a fabhraíodh le linn gairme sa chaoi go gcaitear le foireann teagaisc ar théarma seasta ag *scuole paritarie* (scoileanna

státchreidiúnaithe) ar bhealach is lú fabhar agus go ndéantar idirdhealú ina gcoinne le linn an mheasúnaithe sin (déantar measúnú den sórt sin tar éis earcaíochta faoi chonradh buan ag an Aireacht [Oideachais]), ar bhealach nach n-aithnítear a gceart chun pá forlíontach a bhaineann le fad seirbhíse, a íoctar, áfach, le foireann teagaisc ar théarma seasta i scoileanna stáit agus cathrach, *scuole parificate* (bunscoileanna stáitchreidiúnaithe), *scuola pareggiata* (meánscoil státchreidiúnaithe), *scuola sussidiata o sussidiaria* (scoil maoinithe ag an Stát atá á reáchtáil ag daoine aonair nó eintitis phríobháideacha), *scuola popolare* (scoil um oideachas aosach) agus *educantandi* (scoileanna cailíní atá á reáchtáil ag comhlacht reiligiúnach), atá i gcás atá inchomparáide leis an bhfoireann teagaisc ag *scuole paritarie* (scoileanna coibhéise Stáit) maidir leis an gcineál oibre, dualgais, seirbhísí agus oibleagáidí gairmiúla, chomh maith leis na coinníollacha oiliúna agus oibre maidir leis an bhfoireann teagaisc ag *scuole paritarie* (scoileanna stáitchreidiúnaithe) dá dtagraítear i Legge n. 62/2000 (Dlí Uimh. 62/2000), a mhéid is go gcomhlíonann siad na cúraimí céanna agus go bhfaigheann siad, tríd an taithí teagaisc a fhaigheann siad, na scileanna céanna smachta, oideolaíocha, modheolaíochta-oideacha, eagrúcháin-choibhneasa agus taighde agus a fhaigheann foireann teagaisc ag *scuole paritarie* (scoileanna stáitchreidiúnaithe)?

(3) An gcaithfear an coincheap "buan-oibrí inchomparáide" dá dtagraítear i gClásal 4(1) den [Chreat-chomhaontú] agus na prionsabail ghinearálta faoi dhlí [an Aontais] maidir le comhionannas, cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú i réimse na fostaíochta, atá cumhdaithe in Airteagail 20 agus 21 den [Chairt], a léiriú sa chaoi nach mór, i gcomhthéacs aithint incrimintí sinsearachta, na seirbhísí a dhéantar mar fhostaí sealadach de chuid scoileanna a aithnítear go hoifigiúil a láimhseáil ar an mbealach céanna leo siúd a dhéantar i scoileanna Stáit, *scuole parificate* (bunscoileanna stáitchreidiúnaithe), *scuole pareggiate* (meánscoileanna státchreidiúnaithe), *scuole popolari* (scoil um oideachas aosach), *scuole sussidiate e sussidiarie* (scoil maoinithe ag an Stát atá á reáchtáil ag daoine aonair nó eintitis phríobháideacha), agus *educandati* (scoileanna cailíní atá á reáchtáil ag comhlacht reiligiúnach), a mhéid is a chomhlíonann na múinteoirí sin na cúraimí céanna, go bhfuil na hoibleagáidí gairmiúla céanna orthu agus go bhfuil na scileanna céanna smachta, oideolaíocha, modheolaíochta-teagaisc, eagrúcháin-choibhneasta agus taighde acu?

(4) Mura bhfuil Airteagal 485 de Decreto legislativo n. 297/1994 (Foraithne Reachtach Uimh. 297/94) ag luí le dlí [an Aontais], an gceanglaítear leis an [gCairt] ar an gcúirt náisiúnta an píosa reachtaíochta náisiúnta nach bhfuil ag luí leis a dhífheidhmiú?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist agus an tríú ceist

Inghlacthacht an tríú ceist

25 Mar réamhbharúil, ba cheart a mheabhrú, ina bharúlacha i scríbhinn, go maíonn an Coimisiún Eorpach, *inter alia*, go bhfuil an tríú ceist do-ghlactha, ós rud é nár shuigh an chúirt a rinne an tarchur aon nasc idir Airteagal 21 den Chairt, ar a bhfuil an cheist sin dírithe, agus an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí.

26 Thairis sin, baineann an cheist sin leis an difríocht sa chóir idir, ar an gcéad dul síos, na múinteoirí a fostaíodh ar théarma seasta maidir le scoileanna státchreidiúnaithe, de réir bhrí Airteagal 1(2) de Dhlí Uimh. 62/2000, agus, ar an dara dul síos, múinteoirí, atá fostaithe ar théarma seasta freisin, ó scoileanna príobháideacha a tháinig roimh bhunú scoileanna státchreidiúnaithe agus scoileanna Stáit. Leanann sé ó chásdlí na Cúirte nár cuireadh prionsabal an neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm agus gur tugadh léiriú nithiúil leis an gComhaontú Réime ach amháin maidir leis na difríochtaí sa chóir idir oibrithe ar théarma seasta agus oibrithe ar feadh tréimhse éiginnte atá i gcás inchomparáide, cé is moite na difríochtaí sa chóir idir catagóirí baill foirne áirithe ar théarma seasta.

27 Maidir leis sin, ba cheart a mheas, sa chéad áit, i gcás a bhaineann an argóint a luaitear sa phointe roimhe leis an gceist maidir le hinghlacthacht phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus leis an gComhaontú Réime ar difríocht sa chóir amhail an difríocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, tá an dúshlán sin bunaithe ar shubstaint an tríú ceist agus ní ar inghlacthacht na ceiste sin, sa chaoi nach mór scrúdú a dhéanamh i gcomhthéacs scrúdú ar shubstaint na ceiste sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2024, *Consiglio nazionale delle Ricerche*, C-439/23, EU:C:2024:773, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Sa dara háit, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair na Cúirte, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta, go gceanglaítear, leis an ngá atá le léiriú ar dhlí an Aontais a bheidh úsáideach don chúirt náisiúnta, na ceanglais a bhaineann le hábhar iarrata ar réamhrialú a chomhlíonadh go mionchúiseach, ar ceanglais iad a leagtar amach go sainráite in Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, a meastar go raibh an chúirt a rinne an tarchur ar an eolas fúthu (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Mar aon leis sin, mar a luaitear in Airteagal 94(c) de na Rialacha Nós Imeachta, tá sé ríthábhachtach go mbeadh ráiteas san ordú tagartha maidir leis na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais agus maidir leis an nasc a bhunaíonn sí idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur mhínigh an chúirt a rinne an tarchur go leordhóthanach an nasc a chruthaítear idir an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí agus prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe, a chumhdaítear in Airteagail 20 agus 21 den Chairt, agus gur leag sí amach na cúiseanna ar cosúil go bhfuil gá leis na prionsabail sin a léiriú.

31 Dá bhrí sin, tá an tríú ceist inghlactha.

Substaint an cháis

32 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, lena céad cheist agus a tríú ceist, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur léiriú ar Chlásal 4 den Chreat-chomhaontú agus ar phrionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe, a chumhdaítear in Airteagail 20 agus 21 den Chairt.

33 Maidir leis sin, ba cheart a mheabhrú gur léiriú ar leith de phrionsabal na córa chomhionainne é prionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagtar amach i mír 21(1) den Chairt, ar prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é agus a chumhdaítear in Airteagal 20 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais*, C-567/22 P go C-570/22 P, EU:C:2024:336, míreanna 65 agus 66).

34 Maidir leis na difríochtaí sa chóir idir oibrithe ar théarma seasta agus oibrithe ar feadh tréimhse éiginnte atá i gcás inchomparáide, cuireadh na prionsabail sin i bhfeidhm go nithiúil le Treoir 1999/70 agus go háirithe le Clásal 4 den Chreat-chomhaontú a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin (féach, chuige sin, ordú an 11 Samhain 2010, *Vino*, C-20/10, EU:C:2010:677, mír 56, agus breithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Presidenza del Consiglio dei Ministri agus páirtithe eile (Taighdeoirí Ollscoile)*, C-40/20 agus C-173/20, EU:C:2022:985, mír 87).

35 Sa chás seo, a mhéid a bhaineann an chéad agus an tríú ceist le difríocht den sórt sin sa chóir, ní mór scrúdú a dhéanamh orthu i bhfianaise na Treorach sin agus an Chomhaontaithe Réime amháin (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Iúil 2018, *Vernaza Ayovi*, C-96/17, EU:C:2018:603, mír 20, agus, de réir analaí, an 15 Bealtaine 2025, *Melbán agus Sergamo*, C-623/23 agus C-626/23, EU:C:2025:358, mír 49).

36 Mar thoradh air sin, ní mór a mheas, lena céad agus a tríú ceist, ar cheart iad a scrúdú lena chéile, go fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Clásal 4 den Chreat-chomhaontú le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta nach bhforáiltear léi, chun fad seirbhíse agus tuarastail múinteoirí a chinneadh tráth a n-earcaithe ar feadh tréimhse éiginnte i scoil Stáit, tréimhsí seirbhíse a chuir na múinteoirí sin i gcrích roimhe sin i gcomhthéacs fostaíocht ar théarma seasta i scoileanna áirithe nach mbaineann a bhfeidhmiú agus a n-eagrúchán leis an Stát ach a gcaitear leo, faoi reachtaíocht sin, mar fhorais oideachais an Stáit, cé go bhforáiltear leis an reachtaíocht sin go gcuirfear san áireamh tréimhsí seirbhíse arna gcur i gcrích ag múinteoirí atá fostaithe i bhforais oideachais an Stáit, go háirithe ar feadh tréimhse éiginnte chun a bhfad seirbhíse agus a luach saothair a chinneadh.

37 A mhéid a bhaineann le hinfheidhmeacht an Chomhaontaithe Réime maidir le múinteoirí i gcás AR, ba cheart a mheabhrú go bhfuil feidhm ag an gComhaontú Réime sin maidir le gach oibrí a sholáthraíonn seirbhísí íoctha i gcomhthéacs caidreamh fostaíochta ar théarma seasta idir iad féin agus a bhfostóir. Ní hamhlaidh nach féidir le páirtí leasmhar brath, i gcúinsí áirithe, ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagtar síos i gClásal 4 den Chreat-chomhaontú toisc go bhfuil stádas oibrí ar feadh tréimhse éiginnte aige (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Deireadh Fómhair 2012, *Valenza agus páirtithe eile*, C-302/11 go C-305/11, EU:C:2012:646, míreanna 33 agus 34, agus an 19 Meán Fómhair 2024, *Consiglio nazionale delle Ricerche*, C-439/23, EU:C:2024:773, mír 38).

38 I gcás a maíonn AR os comhair na cúirte a rinne an tarchur go bhfuil sé faoi réir difríocht sa chóireáil maidir le tréimhsí teagaisc a cuireadh i gcrích mar oibrí ar théarma seasta a chur san áireamh, ní mór a mheas go bhfuil feidhm ag an gComhaontú Réime, i bprionsabal, maidir le múinteoir i gcás AR.

39 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go gcuirtear cosc le Clásal 4(1) den Chreat-chomhaontú, a mhéid a bhaineann le coinníollacha fostaíochta, ar chóir nach bhfuil chomh fabhrach céanna d'oibrithe ar théarma seasta i gcomparáid le hoibrithe ar feadh tréimhse éiginnte ar an bhforas amháin go bhfuil siad ag obair ar théarma seasta, ach amháin i gcás ina dtugtar údar trí chúiseanna oibiachtúla leis an gcóir éagsúil sin. Leagtar síos le mír 4 den Chlásal sin an toirmeasc

céanna maidir leis na critéir le haghaidh tréimhsí seirbhíse a bhaineann le coinníollacha speisialta fostaíochta (breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2024, *Consiglio nazionale delle Ricerche*, C-439/23, EU:C:2024:773, mír 31).

40 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go gcumhdaítear rialacha a bhaineann le tréimhsí seirbhíse atá le cur isteach chun iad a aicmiú i gcatagóir tuarastail, amhail iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994, leis an gcoincheap 'coinníollacha fostaíochta' de réir bhrí Chlásal 4(1) den Chreat-chomhaontú (féach, de réir analaí, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2024, *Consiglio nazionale delle Ricerche*, C-439/23, EU:C:2024:773, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 An méid sin ráite, leanann sé ón gcásdlí a luaitear i mír 34 den bhreithiúnas seo gur cuireadh prionsabal an neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm go nithiúil le Clásal 4 den Chreat-chomhaontú amháin maidir le difríochtaí sa chóir idir oibrithe ar théarma seasta agus buanoibrithe atá i gcás inchomparáide.

42 Go deimhin, tá sé beartaithe leis an gclásal sin prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm maidir le hoibrithe ar théarma seasta chun cosc a chur ar fhostóir caidreamh fostaíochta den chineál sin a úsáid chun cearta a thugtar do bhuanoibrithe a bhaint de na hoibrithe sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Eanáir 2020, *Baldonedo Martín*, C-177/18, EU:C:2020:26, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 15 Nollaig 2022, *Presidenza del Consiglio dei Ministri agus páirtithe eile (Taighdeoirí Ollscoile)*, C-40/20 agus C-173/20, EU:C:2022:985, mír 88).

43 Dá bhrí sin, ní bhaineann an difríocht sa chóir atá bunaithe ar chritéar seachas an téarma seasta nó tréimhse éiginnte maidir leis an obair leis an toirmeasc a leagtar síos i gClásal 4 den Chreat-chomhaontú (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Eanáir 2020, *Baldonedo Martín*, C-177/18, EU:C:2020:26, míreanna 53 agus 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 32 go 35 dá Tuairim, go bhfuil an difríocht sa chóir a eascraíonn as Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994 bunaithe ar cé acu atá nó nach bhfuil fad an chaidrimh fostaíochta ar chineál an fhorais oideachais lena bhfuair na hoibrithe lena mbaineann an taithí ghairmiúil.

45 Is léir ón bhfaisnéis a chur an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, ar an gcéad dul síos, nár cuireadh san áireamh tréimhsí oibre a cuireadh i gcrích mar mhúinteoir ar théarma seasta i 'scoil státchreidiúnaithe,' i gcomhthéacs atógáil gairmeacha múinteoirí a rinneadh tráth a n-earcaithe ar feadh tréimhse bhuan ag an Aireacht Oideachais treoracha, toisc nach bhfuil aon tagairt do 'scoileanna státchreidiúnaithe' in Airteagal 485.

46 Dá réir sin, baineann an mhainneachtain tréimhsí oibre a cuireadh i gcrích mar mhúinteoir i scoil státchreidiúnaithe a chur san áireamh le hobair ar théarma seasta agus le hobair a dhéantar ar feadh tréimhse éiginnte sna scoileanna sin.

47 Deimhníonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí é féin an fíoras sin sna príomhimeachtaí, a mhaíonn, ina bharúlacha i scríbhinn a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, nach gceadaítear leis an dlí náisiúnta 'seirbhís ar théarma seasta nó seirbhís ar feadh tréimhse éiginnte a chuirtear ar fáil i scoileanna státchreidiúnaithe' a chur san áireamh.'

48 Ar an dara dul síos, is léir freisin, go bunúsach, ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, chomh maith leis an bhfíoras go bhforáiltear leis an dlí náisiúnta go léirítear an obair a dhéanann múinteoirí ar feadh tréimhse éiginnte i scoileanna Stáit agus fad comhfhreagrach na seirbhísí ina luach saothair, go gceadaítear le hAirteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994 tréimhsí oibre a chuirtear i gcrích mar mhúinteoir ar théarma seasta sna scoileanna sin a chur san áireamh, i gcomhthéacs atógáil ghairm na múinteoirí sin nuair a earcaíonn an Aireacht Oideachais iad ar feadh tréimhse éiginnte.

49 Sna himthosca sin, fiú ag glacadh leis go bhféadfaí a mheas go bhfuil múinteoirí a bhí fostaithe ar bhonn téarma seasta i scoileanna 'státchreidiúnaithe,' de réir bhrí Airteagal 1(2) de Dhlí Uimh. 62/2000 sular earcaigh an Aireacht Oideachais iad ar feadh tréimhse éiginnte, agus múinteoirí atá fostaithe ar feadh tréimhse éiginnte i scoileanna Stáit ag obair 'sa bhunaíocht chéanna,' de réir bhrí Chlásal 3(2) den Chreat-chomhaontú, agus go bhfuil an dá ghrúpa oibrithe sin, i bhfianaise na gcritéar arna mbunú le cásdlí na Cúirte, i gcásanna inchomparáide, agus mar thoradh air sin gur féidir na múinteoirí sin a aicmiú mar 'oibrithe ar feadh tréimhse éiginnte inchomparáide' de réir bhrí Chlásal 3(2), ní mór a mheas nach dtagann difríocht sa chóid amhail an chóir a eascraíonn as Airteagal 485 den Fhoraithne Reachtach sin faoin toirmeasc a leagtar síos i gClásal 4 den Chreat-chomhaontú sin.

50 I bhfianaise an mhéid sin go léir, is é an freagra ar gcéad cheist agus ar an tríú ceist nach mór Clásal 4 den Chreat-chomhaontú a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta nach bhforáiltear léi, d'fhonn fad seirbhíse agus luach saothair múinteoirí a chinneadh nuair a earcaítear iad ar feadh tréimhse éiginnte i scoil Stáit, tréimhsí seirbhíse a chuir na múinteoirí sin i gcrích roimhe sin i gcomhthéacs fostaíocht ar théarma seasta nó fostaíocht ar feadh tréimhse éiginnte i scoileanna áirithe nach mbaineann a bhfeidhmiú agus a n-eagrúchán leis an Stát ach a gcaitear leo, a chur san áireamh, faoin reachtaíocht sin, mar fhorais oideachais an Stáit, cé go bhforáiltear leis an reachtaíocht sin go gcuirfear san áireamh tréimhsí seirbhíse arna gcur i gcrích ag múinteoirí atá fostaithe i bhforais oideachais an Stáit, go háirithe ar feadh tréimhse éiginnte, chun a bhfad seirbhíse agus a luach saothair a chinneadh.

An dara ceist

51 Mar réamhbharúil, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, lena dara ceist, léiriú ar phrionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe i gcúrsaí fostaíochta, a chumhdaítear go háirithe in ECtHR agus i gCairt Shóisialta na hEorpa. Níl dlínse ag an gCúirt léiriú a thabhairt ar Chairt Shóisialta na hEorpa de réir an chásdlí shocair (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Feabhra 2022, *Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (Tréimhse theorann)*, C-219/20, EU:C:2022:89, mír 15 agus an cásdlí dá dtagraítear) agus Cairt Shóisialta na hEorpa (breithiúnais an 29 Iúil 2024, *CU agus ND (Cúnamh sóisialta – Idirdhealú indíreach)*, C-112/22 agus C-223/22, EU:C:2024:636, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Dá bhrí sin, níl dlínse ag an gCúirt réamhrialú a thabhairt ar an dara ceist má bhaineann sí le léiriú ar fhorálacha ECtHR agus ar Chairt Shóisialta na hEorpa.

53 Thairis sin, i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 28 agus 29 den bhreithiúnas seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcaoi chéanna leis an gCoimisiún, nár leag an chúirt a rinne an tarchur amach leis an mbeachtas agus leis an tsoiléireacht is gá na cúiseanna a measann sí go bhfuil léiriú Airteagal 157 CFAE agus Threoir 2000/43 agus Threoir 2000/78 riachtanach nó

úsáideach chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach nó an nasc a chruthaíonn sí idir na forálacha sin de dhlí an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sin.

54 Dá bhrí sin, tá an dara ceist do-ghlactha a mhéid a bhaineann sí le léiriú ar Airteagal 157 CFAE agus ar Threoracha 2000/43 agus 2000/78.

55 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, lena dara ceist, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe, mar atá cumhdaithe in Airteagail 20 agus 21 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta nach bhforáiltear léi, chun fad seirbhíse agus luach saothair múinteoirí a chinneadh nuair a earcaítear iad ar feadh tréimhse éiginnte i scoil Stáit, tréimhse seirbhíse a chuir na múinteoirí sin i gcrích roimhe sin nuair a bhí siad fostaithe ar théarma seasta i scoileanna áirithe nach mbaineann a bhfeidhmiú agus a n-eagrúchán leis an Stát ach a gcaitear leo, faoin reachtaíocht sin, mar fhorais oideachais an Stáit, cé go bhforáiltear leis an reachtaíocht sin go gcuirfear san áireamh, chun na gcríoch céanna, tréimhsí seirbhíse a chuir na múinteoirí sin isteach nuair a bhí siad fostaithe ar bhonn téarma seasta i bhforais oideachais eile, go háirithe forais an Stáit.

56 Ní mór a thabhairt faoi deara, de réir cásdlí socair, i gcás nach dtagann cás dlíthiúil faoi raon feidhme dhlí an Aontais, níl dlínse ag an gCúirt rialú a dhéanamh uirthi agus ní féidir le haon fhoráil den Chairt a bhfuiltear ag brath orthu, astu féin, a bheith mar bhonn don dlínse sin (breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *Viva Telecom Bulgaria*, C-257/20, EU:C:2022:125, mír 128 agus an cásdlí dá dtagraítear).

57 Ní dhírítear forálacha na Cairte, de bhun Airteagal 51(1) den Chairt, chuig na Ballstáit ach amháin nuair atá dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Sonraítear le hAirteagal 6(1) CAE agus le hAirteagal 51(2) den Chairt nach ndéanann an Chairt seo raon feidhme dhlí an Aontais a fhorleathnú thar chumhachtaí an Aontais ná aon chumhacht ná aon chúram nua a bhunú don Aontas, ná cumhachtaí agus na cúraimí atá sainithe sna Conarthaí a mhodhnú. Iarradh ar an gCúirt, dá bhrí sin, dlí an Aontais a léiriú, i bhfianaise na Cairte, laistigh de theorainneacha na n-inniúlachtaí a thugtar don Chúirt (breithiúnas an 17 Márta 2021, *Consulmarketing*, C-652/19, EU:C:2021:208, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte, maidir leis an gcoincheap ‘dlí an Aontais a chur chun feidhme’, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt, glactar leis go bhfuil nascfhachtóir ann idir gníomh de dhlí an Aontais agus an beart náisiúnta atá i gceist a théann níos faide ná cóngaracht na n-ábhar a chumhdaítear nó an tionchar indíreach atá ag ceann de na hábhair ar an gceann eile (breithiúnas an 22 Eanáir 2020, *Baldonedo Martín*, C-177/18, EU:C:2020:26, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 De réir chásdlí socair na Cúirte, chun a chinneadh an dtagann beart náisiúnta faoi raon feidhme ‘chur chun feidhme dhlí an Aontais,’ de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt, ní mór a áirithiú, i measc tosca eile, an bhfuil sé i gceist leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist foráil de dhlí an Aontais a chur chun feidhme, cineál na reachtaíochta sin agus an saothraíonn sé cuspóirí seachas na cuspóirí a chumhdaítear le dlí an Aontais, fiú más féidir leis difear a dhéanamh go hindíreach do dhlí an Aontais, agus an bhfuil reachtaíocht de dhlí an Aontais ann a bhaineann go sonrach leis an ábhar nó ar dócha go ndéanfaidh sé difear di (breithiúnas an 22 Eanáir 2020, *Baldonedo Martín*, C-177/18, EU:C:2020:26, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Sa chás seo, mar is léir ón scrúdú ar an gcéad cheist agus ar an tríú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, ní chuireann Clásal 4 den Chreat-chomhaontú cosc ar fhoráil náisiúnta amhail Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994 ós rud é nach bhfuil an difríocht sa chóir a fheidhmíonn an fhoráil náisiúnta sin bunaithe ar an bhfíoras go bhfuil fad an chaidrimh fostaíochta do na hoibrithe lena mbaineann cinnte nó éiginnte. Mar a thug an tAbhcóide Ghinearálta faoi deara i mír 50 dá Tuairim, níl aon nasc díreach idir cur i bhfeidhm Airteagal 485 agus an toirmeasc ar idirdhealú a leagtar síos sa chlásal sin.

61 Thairis sin, ní léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte go bhfuil baint ag Airteagal 485 le haon fhoráil eile de dhlí an Aontais.

62 Dá bhrí sin, ní féidir an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí a mheas go bhfuil 'dlí an Aontais á chur chun feidhme,' de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt.

63 Mar thoradh air sin, ní féidir measúnú a dhéanamh ar an difríocht sa chaoi a gcaitear leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí i bhfianaise na ráthaíochtaí dá bhforáiltear sa Chairt agus, *inter alia*, in Airteagail 20 agus 21 di.

64 Sna himthosca sin, ní mór a mheas nach bhfuil dlínse ag an gCúirt freagra a thabhairt ar an dara ceist.

An ceathrú ceist

65 Lena ceathrú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil dlí an Aontais le léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar an gcúirt sin Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297/1994 a fhágáil gan feidhm i gcás ina meastar go bhfuil an fhoráil náisiúnta sin ar neamhréir leis an dlí sin.

66 I bhfianaise na bhfreagraí a tugadh ar an gcéad cheist agus ar an tríú ceist, ní gá an ceathrú ceist a fhreagairt.

Costais

67 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le Clásal 4 den Chreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma seasta, a tugadh chun críche an 18 Márta 1999, atá le feiceáil san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma seasta arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP, a chur i bhfeidhm,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach bhforáiltear léi, d'fhonn fad seirbhíse agus luach saothair múinteoirí a chinneadh nuair a earcaítear iad ar feadh tréimhse éiginnte i scoil Stáit, tréimhsí seirbhíse a chuir na múinteoirí sin i gcrích roimhe sin i gcomhthéacs fostaíocht ar théarma seasta nó fostaíocht ar feadh tréimhse éiginnte i scoileanna áirithe nach mbaineann a bhfeidhmiú agus a n-eagrúchán leis an Stát ach a gcaitear leo, a chur san áireamh, faoin reachtaíocht sin, mar fhorais oideachais an Stáit, cé go bhforáiltear leis an reachtaíocht sin go gcuirfear san áireamh tréimhsí seirbhíse arna gcur i gcrích ag múinteoirí atá fostaithe i bhforais oideachais an Stáit, go háirithe ar feadh tréimhse éiginnte, chun a bhfad seirbhíse agus a luach saothair a chinneadh.

[Sínithe]